Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 28 Feabhra 2022
(OR. fr)

6464/22

LIMITE

ENV 148
CLIMA 75
FORETS 10
AGRI 64
RELEX 215

PUBLIC

**Comhad Idirinstitiúideach: 2021/0366(COD)**

**NÓTA**

| | |
|---|---|
| ó: | An Uachtaránacht |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 995/2010<br>- Díospóireacht bheartais |

1. D'fhonn treoir a thabhairt don díospóireacht maidir leis an togra reachtach thuasluaite ag an gcéad chruinniú eile a bheidh ag an gComhairle Comhshaoil an 17 Márta 2022, d'ullmhaigh an Uachtaránacht páipéar cúlra ina bhfuil dhá cheist, a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an nóta seo.

2. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an páipéar cúlra agus na ceisteanna ón Uachtaránacht a thabhairt dá aire, agus iad a chur ar aghaidh chuig an gComhairle don díospóireacht bheartais thuasluaite.

**Togra le haghaidh Rialachán maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin**

**- Nóta ón Uachtaránacht -**

Is saincheist ríthábhachtach dár sochaithe agus do na glúine atá le teacht í foraoisí a chosaint. Tá ról lárnach acu maidir leis an athrú aeráide a chomhrac agus maidir le cailliúint na bithéagsúlachta a chomhrac. Cuireann siad le soláthar ábhar freisin, rialaíonn siad próisis nádúrtha áirithe agus braitheann líon mór slite beatha sna pobail is boichte ar domhan orthu.

## Géarghá le gníomhú i dtreo sprioc uaillmhianach chomhchoiteann

Is ag dul i dtábhacht atá ábhar na bhforaoisí sa phlé ag comhlachtaí Eorpacha agus idirnáisiúnta. Tugadh aitheantas, tríd is tríd, don ról atá acu mar aon le ról na hearnála talún maidir le dlús a chur leis an athrú aeráide a mhaolú ag COP26 de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (UNFCCC) i mí na Samhna 2021. Ag an ócáid seo, thug 141 cheann stáit, a ionadaíonn do 90 % d'fhoraoisí an domhain, gealltanas go n-oibreoidís i gcomhar le chéile chun stop a chur le caillteanas foraoisí agus díghrádú talún agus é a aisiompú tráth nach déanaí ná 2030 trí bhíthin **Dhearbhú na gCeannairí maidir le Foraoisí agus Úsáid Talún**, agus d'aithin siad, ar an gcaoi sin, gur gá dul i bpáirt a chéile a mhéid a bhaineann le claochlú i dtreo úsáid inbhuanaithe talún, ar príomhchuspóir é chun spriocanna Chomhaontú Pháras a bhaint amach.

Roinnt lá ina dhiaidh sin, an 17 Samhain 2021, tharchuir an Coimisiún a thogra le haghaidh Rialachán maidir le tráchtearraí agus táirgí áirithe atá bainteach leis an dífhoraoisiú agus leis an díghrádú foraoise a chur ar fáil ar mhargadh an Aontais Eorpaigh agus a onnmhairiú ón Aontas mar aon leis sin. Maidir leis an téacs seo, a fógraíodh sa Teachtaireacht ón gCoimisiún in 2019 dar teideal '***Dlús a chur le gníomhaíocht an Aontais chun foraoisí an domhain a chosaint agus a athbhunú***', tá sé mar chuid de straitéis chuimsitheach an Aontais Eorpaigh, arna roinnt ag na Ballstáit, a deimhníodh sa **Chomhaontú Glas don Eoraip**, i **Straitéis Bithéagsúlachta an Aontais go dtí 2030** agus sa **Straitéis Eorpach 'Ón bhfeirm go dtí an Forc'**. Tá an rialachán seo beartaithe le bheith ina fhreagairt ar mhóréileamh ón tsochaí, mar a léiríodh le hardleibhéal stairiúil na rannpháirtíochta sa chomhairliúchán ar líne a thionscain an Coimisiún, atá nasctha go háirithe leis an ábhar imní faoi fhorbairt foraoisí ar an leibhéal domhanda (idir 1990 agus 2020, chaill an domhan 420 milliún heicteár d'fhoraoisí, limistéar atá níos mó ná limistéar an Aontais Eorpaigh féin).

Tá freagracht ar leith ar an Aontas Eorpach maidir leis na feiniméin dhomhanda sin. Ídíonn sé cainníochtaí suntasacha táirgí amha agus leathphróiseáilte ó fhoinsí náisiúnta agus idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, is iomaí tionchar diúltach a bhíonn ag na hoibríochtaí gnó agus gníomhaíochtaí an tslabhra soláthair ar an gcomhshaol, go háirithe ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoise. Léiríodh i staidéar a rinne an Coimisiún in 2013 go raibh tíortha Eorpacha freagrach as níos mó ná aon trian den dífhoraoisiú a bhaineann le trádáil idirnáisiúnta i dtáirgí talmhaíochta[1].

**Togra dírithe ar chóras fíor-riachtanach díchill chuí**

Is é is aidhm don togra le haghaidh rialacháin a áirithiú nach mbeidh caife, cócó, ola phailme, soighe, mairteoil agus adhmad, chomh maith le táirgí díorthaithe amhail leathar, seacláid nó troscán, a allmhairítear isteach san Aontas agus a chuirtear ar an margadh ann nó a onnmhairítear as an Aontas, ina gcúis le dífhoraoisiú ná le díghrádú foraoise le linn a dtáirgthe. Is é is aidhm don téacs seo tionchar an táirgthe talmhaíochta ar dhífhoraoisiú agus ar dhíghrádú foraoise araon a chur san áireamh.

1 An Coimisiún Eorpach, 2013. An tionchar atá ag tomhaltas an Aontais ar dhífhoraoisiú: Anailís chuimsitheach ar an tionchar atá ag tomhaltas an Aontais ar dhífhoraoisiú. Staidéar arna mhaoiniú ag an gCoimisiún Eorpach, DG ENV, arna dhéanamh ag VITO, IIASA, HIVA agus IUCN NL https://ec.europa.eu/environment/forests/pdf/1.%20Report%20analysis%20of%20impact.pdf

Chun an cuspóir sin a bhaint amach, tá an Rialachán ag brath ar **chóras díchill chuí** chun **trédhearcacht agus inrianaitheacht slabhraí luacha a áirithiú**, agus aghaidh á tabhairt ar na hoibreoirí agus ar na trádálaithe uile laistigh de chomhchreat comhchuibhithe. Beidh córas an díchill chuí sin bunaithe ar chur chuige réamhbhreathnaitheach ón measúnú riosca. Ní mór d'oibreoirí a allmhairíonn den chéad uair nó a onnmhairíonn na táirgí atá liostaithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán chuig an Aontas, agus do thrádálaithe nach fiontair bheaga agus mheánmhéide iad, nós imeachta díchill chuí a chur i gcrích arna léiriú le dearbhú atá riachtanach sula gcuirtear táirgí ar an margadh.

Ceanglaítear leis sin ceanglas maidir le hinrianaitheacht trí fhaisnéis a bhailiú lena bhféadfar foinse táirgthe an táirge a lonnú, mar aon lena bhealach feadh an tslabhra próiseála agus margaíochta, agus lena bhféadfar anailís riosca a dhéanamh agus, i gcás inarb iomchuí, cur chun feidhme na mbeart maolaithe riosca a sainaithníodh. Dá bhrí sin, fágann forálacha an Rialacháin gur féidir a áirithiú go bhfuil táirgí saor ó dhífhoraoisiú, bídís **mídhleathach nó dleathach.** Ní mór éifeachtacht na bhforálacha a ráthú trí chóras seiceálacha agus pionós arna leagan síos ag na húdaráis inniúla.

**<u>Creat soiléir comhroinnte le haghaidh forfheidhmiú éifeachtach</u>**

Chun an téacs a chur chun feidhme a bhealach éifeachtach comhchuibhithe, is gá go mbeadh **tuiscint choiteann ar a fhorálacha**. Chuige sin, leis na sainmhínithe atá roinnte acu go léir ar na príomhchoincheapa, beifear in ann na bearta atá molta ag an gCoimisiún a chur i bhfeidhm go praiticiúil.

Níl aon chomhthoil idirnáisiúnta ann faoi láthair maidir le coincheap an díghrádaithe foraoise. Is ann do roinnt sainmhínithe agus úsáidtear iad ar an leibhéal náisiúnta. Fuarthas an-chuid tuairimí ina leith ó thoscaireachtaí i gcomhthéacs na meithle *ad hoc*[2] maidir le riosca an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise a bhaineann le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais agus a onnmhairítear ón Aontas, chomh maith leis an sainmhíniú gaolmhar ar oibríochtaí saothraithe inbhuanaithe.

Chuir roinnt toscaireachtaí in iúl go bhféadfadh an sainmhíniú ar dhífhoraoisiú a bheith róchúng toisc go bhfuil sé teoranta d’fhoraoisí a thiontú go húsáid talmhaíochta, nuair a d’fhéadfaí tiontú foraoise go húsáid neamhthalmhaíochta a áireamh i raon feidhme an tsainmhínithe freisin.

Léiríodh ag cruinniú neamhfhoirmiúil na n-airí comhshaoil in Amiens an 20 Eanáir agus ag cruinniú na n-airí talmhaíochta agus iascaigh an 21 Feabhra gur thacaigh na mBallstát uile le cuspóirí an téacs. Ag na cruinnithe sin, tugadh deis do na Ballstáit a bhforairdeall a léiriú maidir le hinoibritheacht an téacs, an t-ualach riaracháin ar oibreoirí agus ar na húdaráis inniúla agus méid na rialuithe atá i gceist, an tsaincheist maidir le raon feidhme na mbuntáirgí agus na n-éiceachóras atá le cur san áireamh agus na sainmhínithe ar choincheapa (lena n-áirítear an sainmhíniú ar dhíghrádú foraoise). Ar deireadh, chuir na hairí síos ar a dtaithí náisiúnta maidir leis an mbeartas comhshaoil agus ar fheidhmiú Rialachán Adhmaid AE.

[2] An Mheitheal *ad hoc* maidir le riosca an dífhoraoisithe agus an díghrádaithe foraoise a bhaineann le táirgí a chuirtear ar mhargadh an Aontais (An Mheitheal *ad hoc* maidir le Dífhoraoisiú)

Rinneadh plé teicniúil ar an téacs i meitheal *ad hoc* inar tugadh saineolaithe ó na hearnálacha éagsúla lena mbaineann le chéile. Leis an bplé a d'eagraigh an Uachtaránacht, bhíothas in ann an téacs a scrúdú den chéad uair agus bhí na Ballstáit in ann a dtuairimí a chur in iúl maidir leis na hairteagail uile. Tháinig roinnt dúshlán tábhachtach chun cinn mar thoradh ar na malartuithe teicniúla sin: na sainmhínithe, comhoiriúnacht le rialacha na hEagraíochta Trádála Domhanda, an comhar le tríú tíortha, comhréireacht na bhforálacha a bheartaítear, chomh maith leis an ualach riaracháin a bhaineann le cur chun feidhme an dréacht-Rialacháin.

Chun an chaibidlíocht a thabhairt ar aghaidh, iarrtar ar na hairí a dtuairimí a mhalartú maidir leis na ceisteanna seo a leanas:

1. *Tá cur chun feidhme éifeachtúil in-fhorfheidhmithe chóras an díchill chuí riachtanach chun go mbeidh an inrianaitheacht is gá ann chun a áirithiú nár bhain dífhoraoisiú ná díghrádú foraoise leis na táirgí. Cad iad bhur dtograí chun córas éifeachtúil éifeachtach díchill chuí a áirithiú?*

2. *Gan amhras, bunófar cur chun feidhme oibríochtúil an Rialacháin ar fheidhmiú comhchoiteann phríomhshainmhínithe an Rialacháin. Cé gurb ann do shainmhínithe i gcás coincheapa áirithe, ní úsáidtear iad ar bhealach comhchuibhithe ar an leibhéal Eorpach ná ar an leibhéal idirnáisiúnta. Chun cur chun feidhme an Rialacháin a éascú, cad iad bhur moltaí chun teacht ar shainmhínithe coiteanna do théarmaí amhail dífhoraoisiú, díghrádú foraoise agus an sainmhíniú gaolmhar ar oibríochtaí saothraithe inbhuanaithe, bunaithe ar an eolas eolaíoch is fearr dá bhfuil ar fáil?*

*Am labhartha: 3 nóiméad in aghaidh an Bhallstáit*